



An Rialálaí  
Carthanais  
Charities  
Regulator

# Nóta Faisnéise Poiblí

## Ábhair Imní a bhaineann le Díol Talún Carthanais



## Cúlra

Ba ann do Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn ('na Coimisinéirí') ón m bliain 1845 go dtí gur díscaoileadh iad sa bhliain 2014 faoin Acht Carthanas 2009. Tugadh sainordú do na Coimisinéirí faoi na hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973, seirbhísí a chur ar fáil d'iontaobhaithe carthanais agus cuidiú a thabhairt maidir le cloí lena bhfuil ar intinn ag daoine a thugann tabhartais agus tiomnachtaí do charthanas. Astríodh na feidhmeanna sin chuig an Rialálaí Carthanas tráth a bunaíodh é sa bhliain 2014 de bhun alt 82 den Acht Carthanas 2009.

Baineann alt 34 den Acht Carthanas, 1961, arna leasú le halt 11 den Acht Carthanas, 1973, le diúscairt talún carthanais. Is é atá i gceist le diúscairt ná talamh carthanais a dhíol, a mhorgáistiú, a mhalartú, a aistriú nó a ghéilleadh.

## Diúscairt Tailte Carthanais a Údarú

I gcás go gceadaítear le doiciméid rialaithe an charthanais talamh an charthanais a dhiúscairt (agus gur ceadaíodh an méid sin tráth a fuair an carthanas an mhaoin lena mbaineann), is féidir nach mbeidh ceadú ón Rialálaí Carthanas ag teastáil má mheasann na hiontaobhaithe go rachaidh an diúscairt chun tairbhe don charthanas agus go mbeidh sí buntáisteach don charthanas.

Féadfaidh iontaobhaithe carthanais iarratas a dhéanamh ar údarú ón Rialálaí Carthanas chun talamh carthanais a dhiúscairt in imthosca áirithe, amhail i gcás nach bhfuil an chumhacht díola ar áireamh i ndoiciméid rialaithe an charthanais nó i gcás go bhfuil sé beartaithe talamh a dhíol faoi bhun an mhargadhluacha iomláin. Beidh údarú ón Rialálaí Carthanas ag



teastáil i gcásanna eile freisin, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil aon chumhacht díola ann. Is gá gur deimhin le hiontaobhaithe carthanais go mbíonn siad ag comhlíonadh a gcuid dualgas faoi dhoiciméid rialaithe an charthanais, faoi na hAchtanna Carthanais agus faoin dlí coiteann [corpas dhlí na hÉireann atá bunaithe ar an gcleachtas seanbhunaithe agus ar bhreitheanna na gcúirteanna].

I gcás go ndéanfar iarratas chuig an Rialálaí Carthanais ar dhíol tailte a shealbhaítear ar iontaobhais charthanúla a údarú, féadfaidh an Rialálaí Carthanais an díol a údarú i gcás gur deimhin leis go mbeadh an díol buntáisteach don charthanais.

### Ábhair Imní a bhaineann le Díol Talún

I gcás go ndíreofar aird an Rialálaí Carthanais ar aon fhaisnéis ar féidir go léirítear neamhchomhlíonadh na nAchtanna Carthanais inti, scrúdófar an fhaisnéis sin chun a chinneadh cén cineál gníomhaíochta, más ann, ba cheart a dhéanamh. Is faoin Rialálaí Carthanais atá sé a chinneadh cad atá le saothrú ar mhaithe le leas an phobail; ní ghníomhaíonn sé thar ceann daoine aonair ná eagraíochtaí.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur faoi na hiontaobhaithe carthanais atá sé an carthanais a rialú agus a bhainistiú agus nach gcuirfidh an Rialálaí Carthanais isteach ar aon chinntí atá bailí ó thaobh an dlí de agus a bhfuil sé de chumhacht ag iontaobhaithe iad a dhéanamh. Mar sin, is lasmuigh de shainchúram an Rialálaí Carthanais atá ábhair imní a eascraíonn as easaontas le ci ntí a dhéanann iontaobhaithe carthanais.



Tá faisnéis faoi ábhair imní a chur in iúl, an beartas maidir le hábhair imní agus an fhoirm ba cheart a chomhlánú chun ábhar imní a chur in iúl don Rialálaí Carthanas ar fáil [anseo](#)<sup>1</sup>

---

<sup>1</sup> Tá faisnéis faoi ábhair imní ar fáil ag an seoladh seo a leanas -  
<https://www.charitiesregulator.ie/en/information-for-the-public/raise-a-concern>